Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 29

# Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh san bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 i gcomhair thuarastail agus speansais Oifig an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riaradh ag an Oifig sin agus chun deontais áirithe a íoc

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil in 2019, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2018, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le géilleadh a iarchur.

Dlitear farasbarr €59.017 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 27 de 2019, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

***Dímheas***

Déanann an Roinn dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil le dímheas iomlán bliana gearrtha ar gach sócmhainn i mbliain an tsealbhaithe.

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais saindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse 10 mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, agus déantar an trealamh TF nó oifige eile ar fad a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a

chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánanacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil. Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ó thaobh na rialuithe cuí a bheith i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat um rialuithe riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus rialuithe inmheánacha:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais, dá nochtar an Roinn, a hobair agus bíonn a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnta. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Déanann an Roinn deimhin de go bhfuil béim chuí ar an dea-cleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta ar bun lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte cuí uile. In 2019, chloígh an Roinn leis na treoirlínte ach amháin i gcás 36 conradh (de bhreis ar €25,000) de luach €9,895,276 (gan CBL san áireamh) san iomlán, mar a leagtar amach anseo thíos;

- Baineann 12 chonradh (€5,495,213 gan CBL san áireamh) le conarthaí do sheirbhísí sainchomhairleoireachta don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (*NBP*) a leathnaíodh níos faide anonn ná téarmaí an chonartha bunaidh d'fhonn an idirbheartaíocht conartha i dtaca leis an *NBP* a chur i gcrích.
- Baineann conradh amháin (€2,330,000 gan CBL san áireamh) le conradh do bhainistiú agus oibriú an Lárionaid Náisiúnta Taighde Dhigitigh, a leathnaíodh níos faide anonn ná téarmaí an chonartha bunaidh go dtí go gcuirfí comórtas nuashonraithe soláthair i gcrích chun na seirbhísí sin a sholáthar. Tá an comórtas seo ar siúl agus meastar go gcuirfear i gcrích é in 2020.
- Baineann naoi gconradh (€878,020 gan CBL san áireamh) le conarthaí seirbhísí éagsúla a leathnaíodh níos faide anonn ná téarmaí a gconarthaí bunaidh. Rinne an Roinn athbhreithniú ar gach ceann de na conarthaí seo in 2019 agus tá gníomhartha déanta, i ngach cás ina raibh sé indéanta agus iomchuí, na conarthaí seo a chur ag comhlíonadh rialacha i dtaca le soláthar iomaíoch a luaithe agus ab' fhéidir.
- Bronnadh 14 chonradh (€1,192,043 gan CBL san áireamh) gan próisis tairisceana iomaíocha a leanúint agus baineann siad le soláthar earraí agus seirbhísí a chinntigh go seachadófar polasaithe agus cuspóirí na Roinne. Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn ar na cúinsí inar bronnadh na conarthaí seo d'fhonn conarthaí comhlíontacha a chur ar bun, más féidir, agus cosc a chur ar chonarthaí neamhchomhlíontacha dá leithéid a bhronnadh amach anseo.

Chuir an Roinn sonraí de na conarthaí eisceachtúla seo ar fáil mar chuid de na 56 conradh de luach iomlán €14,378,178 (gan CBL san áireamh) atá san áireamh sa tuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. As an €14,378,178 (gan CBL san áireamh) a bhfuil ceangaltas air i dtaca leis na soláthairtí neamhiomaíocha thuasluaite, íocadh suim €5,310,526 (gan CBL san áireamh) in 2019, le hiarmhéid €9,067,652 (gan CBL san áireamh) á thabhairt anonn go 2020.

***Creat rioscaí agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh an Roinn agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn leathbhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí go mbeidh siad ar leibhéal inghlactha.

I gclár na rioscaí, tugtar sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh na monatóireachta ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus próisis curtha i bhfeidhm chun

monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh dá sonraítear a thuairisciu.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2019 ar gá iad a nochtadh sa Chuntas Leithreasa.

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

3 Aibreán 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2019.

#### *Feabhsúchán láithreán lionta talún*

Cuirtear forléargas i lathair i gCaibidil 9 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhisí poiblí i gcomhair 2019 ar chaiteachas i Leith an fheabhsúcháin ar láithreáin líonta talún.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Meán Fómhair 2020

# Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Cumarsáid | | | | |
| | *Bunaidh* | 81,632 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 15,000 | | | |
| | | | 96,632 | 25,142 | 27,515 |
| B | Craoltóireacht | | 264,904 | 260,363 | 253,105 |
| C | Fuinneamh | | 175,372 | 185,275 | 153,297 |
| D | Acmhainní nádúrtha | | 24,565 | 20,792 | 20,794 |
| E | Iascaigh intíre | | 34,568 | 34,095 | 34,198 |
| F | Comhshaol agus bainistiú dramhaíola | | | | |
| | *Bunaidh* | 83,660 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | 83,661 | 61,503 | 63,456 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 664,701 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 15,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **679,702** | **587,170** | **552,365** |
| | *Lúide* | | | | |
| G | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **242,711** | **236,493** | **237,297** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 421,990 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 15,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **436,991** | **350,677** | **315,068** |

**Farasbarr**

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó cuid d'aon leithreasa neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dar gcionn. Tugadh €27.296 milliún de leithdháiltí neamhchaite 2019 i leith Fhotheideal A.3 anonn chuig 2020.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 86,313,414 | 34,014,630 |
| Géilleadh iarchurtha | (27,296,000) | (15,000,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **59,017,414** | **19,014,630** |

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

3 Aibreán 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 555,318 | 521,188 |
| Pá | | 24,173 | 23,503 |
| Neamhphá | | 7,679 | 7,674 |
| **Ollchaiteachas** | | **587,170** | **552,365** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **236,493** | **237,297** |
| **Glanchaiteachas** | | **350,677** | **315,068** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (422) | | |
| Dímheas | 1,000 | | |
| | | 578 | 93 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 865 | | |
| Laghdú ar stoc | 88 | 953 | (502) |
| **Caiteachas díreach** | | **352,208** | **314,659** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 15,974 | 15,558 |
| Measchíosanna | | 1,584 | 1,530 |
| **Glanchostas an chláir** | | **369,766** | **331,747** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 29 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 4 | 56 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 12,191 | 11,500 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,687 | 3,907 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 37 | 38 |
| Ciste Lárnach – Pinsin Airí | | 55 | 57 |
| | | **15,974** | **15,558** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,888 | 2,439 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 43,981 | 30,414 |
| Stoic | 2.3 | 173 | 261 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,419 | 600 |
| Ioncam fabhraithe | | 428 | 560 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 168 | 122 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **46,169** | **31,957** |
| **Lúide sócmhainní reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 2,228 | 575 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 5,399 | 4,824 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 38,750 | 25,712 |
| Ioncam iarchurtha | | — | 101 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **46,377** | **31,212** |
| **Glansócmhainní reatha** | | (208) | 745 |
| **Glansócmhainní** | | **1,680** | **3,184** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **1,680** | **3,184** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil[a]

| | Troscán oifige | Trealamh oifige agus TF | Saintrealamh agus mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 1,347 | 21,923 | 6,177 | 29,447 |
| Breiseanna | 51 | 86 | 285 | 422 |
| Leasuithe[b] | — | — | 630 | 630 |
| Diúscairtí | (2) | (103) | (12) | (117) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 1,396 | 21,906 | 7,080 | 30,382 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 1,248 | 20,760 | 5,000 | 27,008 |
| Dímheas don bhliain | 24 | 433 | 543 | 1,000 |
| Leasuithe[b] | — | — | 603 | 603 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (2) | (103) | (12) | (117) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2019 | 1,270 | 21,090 | 6,134 | 28,494 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **126** | **816** | **946** | **1,888** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 99 | 1,163 | 1,177 | 2,439 |

Nóta [a] Leagtar tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit, a bhíonn á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn, lena n-áirítear na cinn nach bhfuil luachálacha acu, amach in Aguisín A.

[b] Mar thoradh ar athbhreithniú ar bhreis agus 8,000 sócmhainn in 2019, d’aithin an Roinn sé shócmhainn de luach €630,000 a cheannaigh an Roinn roimh 2019, a bhí fágtha amach as breisithe sócmhainní caipitil i mblianta roimhe sin. Bhí gá le leasú €603,000 i dtaca le dímheas carntha ar na sócmhainní seo suas le 31 Nollaig 2018. Tá an leasú glan €27,000 meaitseáilte ag leasú dá réir ar chuntas mhaoiniú an Stáit (féach ar Nóta 2.7).

## 2.2 Banc agus airgead tirim

Léiríonn banc agus airgead tirim na hiarmhéideanna a choimeádtar ag deireadh na bliana i gcuntas na Roinne leis an bPámháistir Ginearálta.

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | 157 | 239 |
| Stáiseanóireacht | 16 | 22 |
| | **173** | **261** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail bhaill foirne ar iasacht | 108 | 6 |
| Fionraí eile | 60 | 116 |
| | **168** | **122** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach | 563 | 536 |
| Cáin bhreisluacha | 171 | 323 |
| Cáin conarthaí iomchuí | 1 | — |
| Fáltais Státchiste bhreise (nóta 4.3) | 261 | — |
| Scéim pinsin ranníocaíochtaí | — | 2 |
| ÍMAT/ÁSPC | 576 | 563 |
| | 1,572 | 1,424 |
| Dlite leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (nóta 4.3) | 1,459 | 1,257 |
| Seirbhís freagartha do ghlaonna éigeandála | 1,755 | 1,464 |
| Párolla | 72 | 56 |
| Eile | 541 | 623 |
| | 3,827 | 3,400 |
| | **5,399** | **4,824** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 59,017 | 19,015 |
| Géilleadh iarchurtha | 27,296 | 15,000 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingte | (47,563) | (8,303) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **38,750** | **25,712** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 43,981 | 30,414 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 168 | 122 |
| | 44,149 | 30,536 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (3,031) | (2,681) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (2,368) | (2,143) |
| | (5,399) | (4,824) |
| | **38,750** | **25,712** |

## 2.7 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 3,184 | 2,775 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 436,991 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (27,296) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (59,018) | | |
| Glanvóta | | | 350,677 | 315,068 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 15,974 | 15,558 |
| Míreanna eile (nach míreanna airgid tirim iad) | 2.1 | | 27 | — |
| Caiteachas nach airgead tirim é – measchíos | 1 | | 1,584 | 1,530 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (369,766) | (331,747) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,680** | **3,184** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| Ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 1,682 | 984 |
| Cláir dheontas caipitil | 142,540 | 54,604 |
| Tionscadail agus cláir chaipitil | 2,812,308 | 47,589 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **2,956,530** | **103,177** |

**b) Cláir dheontas neamhchaipitil[a]**

| Ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 54,604 | 34,224 |
| Deontais íoctha sa bhliain | (46,238) | (31,200) |
| Ceangaltais maidir le deontais nua | 134,174 | 51,618 |
| Deontais chealaithe | — | (38) |
| **Iarmhéid deiridh** | **142,540** | **54,604** |

**C) Tionscadail chapitil mhóra ina bhfuil luach an tionscadail níos airde na €10 milliún**

| Clár/tionscadal | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais maidir le tionscadail i mblianta ina dhiaidh | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2019 | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Postchóid náisiúnta | 25,101 | 1,510 | 5,900 | 32,511 | 30,981 |
| Plean Náisiúnta Leathanbhanda | — | — | 2,764,000 | 2,764,000 | — |
| *INFOMAR*[a] | 47,243 | 3,969 | 7,444 | 58,656 | 61,543 |
| *Tellus*[b] | 16,024 | 3,363 | 2,690 | 22,077 | 23,475 |
| | **88,368** | **8,842** | **2,780,034** | **2,877,244** | **115,999** |

Nóta [a] Clár náisiúnta suirbhé is ea INFOMAR lena ndéantar mapáil ar ghrineall na farraige Éireannaí agiis lena gcuirtear ar fáil sonraí bonnlíne d'earnáil muirí na hÉireann.

[b] Clár náisiúnta suirbhé is ea Tellus lena mbailítear sonraí geoifisiceacha agus geoiceimiceacha ar fud na hÉireann trí shuirbhéireacht gheoifisiceach ón aer ag baint úsáide as aerárthaigh ag eitilt go híseal agus suirbhéireacht gheoiceimiceach ar an talamh ar ithir, uisce srutháin agus dríodar srutháin.

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i dtaca le ceangaltas mór ar bith gcás go bhfuil an caiteachas ionchais iomlán athraithe de bhreis is €500,000 i gcomparáid le 2018.

**Postchóid náisiúnta**

*Méadú ar chaiteachas ionchais iomlán: €1.53 milliún*

Léiriú is ea an méadú ar chur san áireamh cheangaltais na bliana deiridh faoin gconradh reatha don tionscadal *Eircodes* a bheidh ag rith go dtí 2023.

**Plean Náisiúnta Leathanbhanda**

*Méadú ar chaiteachas ionchais iomlán: €2.764 billiún*

Léiriú is ea an méadú ar cheangaltais nua faoin gconradh nua 25 bliana don phlean náisiúnta leathanbhanda a shínigh an tAire i mí na Samhna 2019.

***INFOMAR***

*Laghdú ar chaiteachas ionchais iomlán: €2.887 milliún*

Léiriú is ea an laghdú ar athmheasúnú ar shocruithe conartha don tionscadal *INFOMAR* a tharla mar thoradh ar cheangaltais, a tuairiscíodh de thaisme roimhe sin, a bhaint as.

***Tellus***

*Laghdú ar chaiteachas ionchais iomlán: €1.398 milliún*

Léiriú is ea an laghdú ar athmheasúnú ar shocruithe conartha don tionscadal *Tellus* a tharla mar thoradh ar cheangaltais, a tuairiscíodh de thaisme roimhe sin, a bhaint as.

## 2.9 Feabhsúchán talún

Tabhaíonn an Roinn costais i dtaca le mianaigh i seilbh an Stáit in Abhóca agus Béal Átha Gabhann. Baineann caiteachas le hoibreacha feabhsúcháin talún agus monatóireacht comhshaoil ag an dá shuíomh a thuairiscítear faoi Fhocheannteideal D4 (seirbhísí mianadóireachta).

| | Caiteachas go deireadh 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais Chonartha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Abhóca | 3,780 | 100 | 685 | 4,565 |
| Béal Átha Gabhann | 11,190 | — | — | 11,190 |
| Monatóireacht comhshaoil | 1,430 | 128 | 149 | 1,707 |
| | **16,400** | **228** | **834** | **17,462** |

## 2.10 Cibearshlándáil

Tá an Roinn freagrach as as beartas cibearshlándála in Éirinn agus as comhordú fhreagairt slándála an Rialtais ar aon teagmhais cibearshlándála ar leibhéal náisiúnta. Cuireann an Rialtas na freagrachtaí seo i bhfeidhm tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Tuairiscítear ar chaiteachas a bhaineann le Cibearshlandáil faoi fhocheannteideal A5 den chlár cumarsáide.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cibearshlandáil | 1,570 | 2,072 |

## 2.11 Dliteanais Theagmhasacha

D'fhéadfadh dliteanais airgeadais bheith ann in 2020 agus sna blianta ina dhiaidh sin, ag brath ar thorthaí caingne dlí de chuid AE nó caingne dlí eile atá ar siúl, ar feitheamh nó a d’fhéadfadh teacht. Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos trasna na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 26,249 | 24,173 | 23,503 |
| ii | Taisteal agus cothú | 941 | 932 | 979 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,389 | 1,356 | 1,221 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 600 | 394 | 370 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 3,194 | 2,148 | 2,640 |
| vi | Speansais áitribh oifige | 963 | 923 | 830 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas | 1,800 | 1,738 | 1,417 |
| viii | Trealamh, stóir agus cothabháil | 296 | 188 | 217 |
| | | **35,432** | **31,852** | **31,177** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus +/- €100,000).

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar Meastacháin: €600,000, toradh: €394,000*

Léiriú is ea an coigilteas €206,000 i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin ar chostais níos ísle ná mar a measadh do sheirbhísí teileachumarsáide leanúnacha, go príomha mar thoradh ar uasghrádú TF na Roinne a chur siar ó 2019 go 2020.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin: €3.194 milliún, toradh: €2.148 milliún*

Baineann an coigilteas €1.046 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin le hathsholáthar crua-earraí TF a chur siar go 2020.

**viii Trealamh, stóir agus cothabháil**

*Soláthar meastacháin: €296,000, toradh: €188,000*

Tharla an coigilteas €108,000 i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin mar thoradh ar aistriú costas a bhain le roinnt trealaimh a bhain le tionscadail ó bhuiséad riaracháin na Roinne go dtí focheannteideal D5 i gclár na n-acmhainní nádúrtha (seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann).

## Clár A Cumarsáid

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.1 | Riarachán-pá | | 6,796 | 6,258 | | 6,085 |
| A.2 | Riarachán-neamhphá | | 1,750 | 1,522 | | 1,340 |
| A.3 | Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide | | | | | |
| | *Bunaidh* | 62,190 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 15,000 | | | | |
| | | | 77,190 | 8,030 | | 11,182 |
| A.4 | Forbairtí ilmheán | | 4,282 | 4,412 | | 4,521 |
| A.5 | Sochaí faisnéise | | 6,614 | 4,920 | | 4,387 |
| | | | **96,632** | **25,142** | | **27,515** |

**Athruithe suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €71.49 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhain €766,000 de sin le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana féin é agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú, €70.724 milliún:

**A.3 Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide**

*Soláthar meastacháin: €77.19 milliún, toradh: €8.03 milliún*

Tharla an coigilteas €69.16 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin, de chuid ba mhó, mar thoradh ar an bhfad sínithe a bhí leis an bpróiseas casta soláthair do rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Cuireadh an próiseas soláthair i gcrích in 2019 agus síníodh an conradh i mí na Samhna 2019.

**A.5 Sochaí faisnéise**

Soláthar meastacháin: €6.614 milliún, toradh: €4.92 milliún

Tharla an coigilteas €1.694 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin mar thoradh ar chaiteachas níos ísla ná mar a rabhthas ag súil leis i dtaca leis na scéimeanna Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh agus Dearbháin Trádála Ar Líne a bhí bunaithe ar éileamh.

## Clár B Craoltóireacht

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | 1,160 | 1,068 | 1,038 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 381 | 337 | 243 |
| B.3 | Deontas do Raidió Teilifís Éireann i leith táillí ceadúnais chraolacháin | 199,322 | 196,547 | 188,567 |
| B.4 | Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais chraolacháin a bhailiú | 12,457 | 11,384 | 11,969 |
| B.5 | Deontas i leith Theilifís na Gaeilge | 36,233 | 36,233 | 36,775 |
| B.6 | An Ciste Craolacháin | 15,351 | 14,794 | 14,513 |
| | | **264,904** | **260,363** | **253,105** |

**Athruithe suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €4.541 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhain €136,000 de sin le caiteachas riaracháin agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú, €4.405 milliún:

**B.3 Deontas do Raidió Teilifís Éireann i leith táillí ceadúnais craolacháin**

*Soláthar meastacháin: €199.322 milliún, toradh: €196.547 milliún*

Tharla an coigilteas €2.775 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin toisc go bhfuil íocaíochtaí deontais le RTÉ bunaithe ar fháltais ó dhíolacháin na gceadúnas teilifíse, a bhí níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis in 2019.

**B.4 Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais chraolacháin a bhailiú**

*Soláthar meastacháin: €12.457 milliún, toradh: €11.384 milliún*

Baineann an coigilteas €1.073 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin leis an íocaíocht le An Post atá neodrach ó thaobh an vóta de, bunaithe ar ioncam ó dhíolacháin na gceadúnas teilífíse, a bhí níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis in 2019.

## Clár C Fuinneamh

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán – pá | 4,856 | 4,472 | 4,348 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 1,846 | 1,573 | 1,435 |
| C.3 | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus speansais ghinearálta | 17,504 | 17,382 | 11,017 |
| C.4 | Cláir fuinnimh inbhuanaithe | 141,110 | 151,206 | 127,778 |
| C.5 | Cláir um thaighde ar fhuinneamh | 9,700 | 10,319 | 8,433 |
| C.6 | Seirbhísí gáis | 65 | 56 | 39 |
| C.7 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 290 | 267 | 247 |
| C.8 | Comhlíonadh le fuinneamh inathnuaite | 1 | — | — |
| | | **175,372** | **185,275** | **153,297** |

**Athruithe suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €9.903 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhain €657,000 de sin le tearc-chaiteachas ar chaiteachas riaracháin agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú, €10.56 milliún:

**C.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe**

*Soláthar meastacháin: €141.11 milliún, toradh: €151.206 milliún*

Baineann an farasbarr €10.096 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin le caiteachas breise in 2019 ar roinnt clár deontais bunaithe ar éileamh lena n-áirítear scéimeanna do Thithe Níos Teo, Tithe le Fuinneamh Níos Fearr, Feithiclí Leictreacha agus Píolótacha Gréine.

**C.5 Cláir um thaighde ar fhuinneamh**

*Soláthar meastacháin: €9.7 milliún, toradh: €10.319 milliún*

Tharla an farasbarr €619,000 i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin mar thoradh ar chaiteachas breise ar an gclár Taighde, Forbartha agus Léirithe d’fhuinneamh inathnuaite ag eascairt as socruithe maoinithe nua ilbhliantúla a thabhairt isteach. Leis na socruithe nua seo is féidir méadú a bheith ann ar scála agus doimhne na dtionscadal is féidir a mhaoiniú faoin scéim a mbeidh tionchar níos mó acu ar bhaint amach spriocanna fuinnimh agus aeráide na hÉireann.

## Clár D Acmhainní Nádúrtha

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| D.1 | Riarachán - pá | 6,344 | 5,843 | 5,681 |
| D.2 | Riarachán- neamhphá | 3,162 | 2,522 | 2,657 |
| D.3 | Seirbhísí peitriliam | 504 | 314 | 342 |
| D.4 | Seirbhísí mianadóireachta | 2,750 | 330 | 915 |
| D.5 | Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 11,670 | 11,649 | 11,081 |
| D.6 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 135 | 134 | 118 |
| | | **24,565** | **20,792** | **20,794** |

**Athruithe suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €3.773 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhain €1.141. milliún de sin le caiteachas riaracháin agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú, €2.632 milliún:

**D.3 Seirbhísí peitriliam**

*Soláthar meastacháin: €504,000, toradh: €314,000*

Tharla an coigilteas €190,000 i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin mar thoradh ar ranníocaíochtaí níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis do Chiste an Chláir um Bonneagar Peitriliam, atá neodrach ó thaobh an vóta de, mar thoradh ar laghdú i líon na gceadúnas teorann atá ann.

**D.4 Seirbhísí mianadóireachta**

*Soláthar meastacháin: €2.75 milliún, toradh: €330,000*

Baineann an coigilteas €2.42 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin le 1) íocaíochtaí cúitimh níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis a rinneadh le húinéirí príobháideacha talún mar thoradh ar ghníomhaíocht níos lú mar a rabhthas ag súil leis ag cuideachtaí mianadóireachta, agus moileanna dlí le cásanna cúitimh a réiteach, 2) moilleanna i dtaca le hoibreacha feabhsúcháin ag Abhóca agus 3) moilleanna le suíomh a fháil mar chuid d’athshlánúchán Bhéal Átha Gabhann.

## Clár E Iascaigh Intíre

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| E.1 | Riarachán – pá | 830 | 764 | 743 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 453 | 363 | 405 |
| E.3 | Iascaigh intíre | 33,285 | 32,968 | 33,050 |
| | | **34,568** | **34,095** | **34,198** |

## Clár F Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| F.1 | Riarachán - pá | | 6,263 | 5,768 | 5,608 |
| F.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,591 | 1,362 | 1,594 |
| F.3 | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | | 36,921 | 38,761 | 35,303 |
| F.4 | An Ciste Carbóin | | 5,105 | 607 | 599 |
| F.5 | Ceangaltais idirnáisiúnta um athrú aeráide | | 2,500 | 2,500 | 4,500 |
| F.6 | Feabhsúchán líonta talún | | 8,500 | 6,956 | 10,250 |
| F.7 | Tograí aeráide | | 1,850 | 2,017 | 1,208 |
| F.8 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 3,000 | 3,037 | 2,971 |
| F.9 | Comhphlé náisiúnta | | — | — | — |
| F.10 | Tograí um bainistiú dramhaíola | | 2,930 | 495 | 1,423 |
| F.11 | Gníomhú ar son na hAeráide | | 15,000 | — | — |
| F.12 | Ciste Aistrithe Cóir | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | 1 | — | — |
| | | | **83,661** | **61,503** | **63,456** |

**Athruithe suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár F €22.158 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhain €724,000 de sin le caiteachas riaracháin agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den athrú, €21.433 milliún:

**F.3 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**

*Soláthar meastacháin: €36.921 milliún, toradh: €38.761 milliún*

Tharla an farasbarr €1.84 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin mar thoradh ar an íocaíocht mhoillithe in 2019 d'iarratas deiridh tarraingte anuas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil do 2018.

**F.4 Ciste Carbóin**

*Soláthar meastacháin: €5.105 milliún, toradh: €607,000*

Tharla an coigilteas €4.498 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin toisc nach ndeachthas ar aghaidh le ceannach déthaobhach creidmheasanna carbóin ó Bhallstát eile, mar a rabhthas ag súil leis.

**F.6 Feabhsúchán líonta talún**

*Soláthar meastacháin: €8.5 milliún, toradh: €6.956 milliún*

Tharla an coigilteas €1.544 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin mar thoradh ar mhoill ar an dul chun cinn ar Thionscadal Feabhsúcháin Líonadh Talún Bhaile Chairdif.

**F.7 Tograí aeráide**

*Soláthar meastacháin: €1.85 milliún, toradh: €2.017 milliún*

Tharla an farasbarr €167,000 i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin mar thoradh ar thaighde breise a ordú mar threoir le cur i gcrích an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

**F.10 Feachtas dramhaíola**

*Soláthar meastacháin: €2.93 milliún, toradh: €495,000*

Tharla an coigilteas €2.435 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin mar thoradh ar mhoill le socruithe a chur i gcrích do rolladh amach scéime airgeadais chun tacú le daoine leochaileacha le dramhaíl neamhchoinneálachta leighis a dhiúscairt.

**F.11 Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide**

*Soláthar meastacháin: €15 milliún, toradh: nil*

Tharla an coigilteas €15 milliún i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin mar thoradh ar phróiseas deimhnithe níos faide ná mar a rabhthas ag súil leis do thionscadail faoin gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó fhíneálacha de bharr coireanna iascaigh intíre | 50 | 23 | 13 |
| 2 | Fáltais faoin Acht Forbairte Mineanál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile 1960 | 8,795 | 7,113 | 10,630 |
| 3 | An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 437 | 314 | 332 |
| 4 | Táillí ceadúnais chraolacháin | 227,130 | 222,725 | 219,295 |
| 5 | Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 300 | 558 | 704 |
| 6 | Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 77 | 204 |
| 7 | Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2) | 1,070 | 1,297 | 1,190 |
| 8 | Ranníocaíocht phinsin ó gníomhaireachtaí | 732 | 636 | 832 |
| 9 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí [a] | 3,581 | 3,377 | 4,097 |
| 10 | Fáltais ó chuntais díomhaoine | 393 | 373 | — |
| | **Iomlán** | **242,711** | **236,493** | **237,297** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsin. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise san ionad orthu sin ón 1 Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €6.218 níos lú ná an meastachán bunaidh. Leagtar mínithe le haghaidh athruithe amach thíos:

**2 Fáltais faoin Acht Forbairte Mineárál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile 1960**

*Meastachán: €8.795 milliún, réadaithe: €7.113 milliún*

Tharla an t-easnamh €1.682 milliún mar thoradh ar ioncam laghdaithe ó tháillí ceadúnais toisc gur éag roinnt ceadúnas taiscéalaíochta teorann in 2019 agus mar thoradh ar laghdú san ioncam a gineadh ó dhíol sonraí peitriliaim.

**3 An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam**

*Meastachán: €437,000, réadaithe: €314,000*

Tharla an t-easnamh €123,000 mar thoradh ar ranníocaíochtaí níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leo ó shealbhóirí ceadúnas taiscéalaíochta teorann. In 2019, fuair an Roinn 18 ranníocaíocht san iomlán ó shealbhóirí ceadúnas a bhí níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis toisc 1) gur tugadh suas cuid de na ceadúnais i rith na bliana agus 2) gur cuireadh táillí ar fionraí i roinnt cásanna nuair a bhí iarratais agus saincheisteanna á meas.

**4 Táillí ceadúnais chraolacháin**

*Meastachán: €227.13 milliún, réadaithe: €222.725 milliún*

Tharla an t-easnamh €4.405 milliún mar thoradh ar dhíolacháin níos ísle de cheadúnais teilifíse ná mar a rabhthas ag súil leis. Díoladh 1,025,534 sa bhliain, 22,056 ceadúnas níos lú na sprioc 2019.

5 **Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann**

*Meastachán: €300,000, réadaithe: €558,000*

Tharla an méadú €258,000 toisc go bhfuarthas ioncam deontais do thionscadail mhuirí maoinithe ag AE níos luaithe ná mar a rabhthas ag súil leis agus mar thoradh ar fhaomhadh agus fáil ioncaim deontais nua d'obair aeráide uisce talún.

6 **Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist**

*Meastachán: €223,000, réadaithe: €77,000*

Tharla an t-easnamh €146,000 mar thoradh ar fháil mhoillithe ioncaim cíosa 2019 go dtí Eanáir 2020.

7 **Ilghnéitheach**

*Meastachán: €1.07 milliún, réadaithe: €1.297 milliún*

Tharla an méadú €227,000 mar thoradh ar chostais níos airde ná mar a rabhthas ag súil leo a aisghabháladh ó chomhlachtaí eile.

9 **Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €3.581 milliún, réadaithe: €3.377 milliún*

Tharla an t-easnamh €204,000 mar thoradh ar ranníocaíochtaí níos lú ná mar a rabhthas ag súil le fáil ó ghníomhaireachtaí in 2019.

## 4.2 Fáltais ilghnéitheacha

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile | 347 | 234 |
| Dleachtanna i dtaca le líonraí achair cathrach | 927 | 877 |
| Eile | 23 | 79 |
| **Iomlán** | **1,297** | **1,190** |

## 4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais ón scéim i ndáil le trádáil astaíochtaí[a] | 122,798 | 140,813 |
| Fáltais ó fhíneálacha ar sháruithe trádála astaíochtaí[b] | 261 | — |
| Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe Mhaigh Eo | 117 | 96 |
| Ciste Carbóin AE | — | 98 |
| Géilleadh deonach thuarastail na nAirí | 15 | 16 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (122,930) | (141,023) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **261** | **—** |

Nóta [a] Is ionann €124.26 milliún agus ollsciar na hÉireann d'fháltais a d'eascair as liúntais a chur ar ceant i gCóras an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí in 2019. Asbhaintear €1.46 milliún le haghaidh speansais riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rud a fhágann go bhfuil fáltas glan €122.8 milliún ann le tabhairt ar ais don Státchiste.

[b] Fuair an Roinn €261,271 ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an 23 Nollaig 2019 i dtaca le fíneálacha a bhailigh sé ó dhá chuideachta Éireannacha i rith na bliana i ndiaidh sáruithe ar an scéim trádála astaíochta. Íocadh an iarmhéid ina iomláine leis an Státchiste i bhFeabhra 2020

## Nóta 5 Soláthar Foirne & Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Comhionann le fostaithe lánaimsire | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 383 | 395 |
| Gníomhaireachtaí[a] | 861 | 1,098 |
| | **1,244** | **1,493** |

Nóta [a] Is iad na gníomhaireachtaí a áirítear anseo an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Iascaigh Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Baineann na sonraí pá gníomhaireachta a leanann leis na gníomhaireachtaí céanna sin.

### 5.2 Pá

**Luach saothair na foirne uile (Roinn agus gníomhaireachtaí)**

| | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 70,139 | 67,535 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 217 | 239 |
| Liúntais eile | 1,480 | 1,464 |
| Ragobair | 53 | 53 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,501 | 6,047 |
| **Pá iomlán** | **78,390** | **75,338** |

Nóta Tagraíonn na socruithe pá le gné an phá d'fhocheannteidil A.1, A.4, B.1, C.1, C.3, D.1, E.1, E.3, F.1 agus F.3. Áiríonn na figiúirí seo airgead neamh-vótáilte lena chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Ciorclán 17/2013).

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 22,255 | 21,670 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 80 | 58 |
| Liúntais eile | 61 | 106 |
| Ragobair | 34 | 30 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,743 | 1,639 |
| **Pá iomlán** | **24,173** | **23,503** |

**Luach saothair fhoireann ghníomhaireachta**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 47,884 | 45,865 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 196 | 181 |
| Liúntais eile | 1,360 | 1,358 |
| Ragobair | 19 | 23 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,758 | 4,408 |
| **Pá iomlán** | **54,217** | **51,835** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair ab airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2019** | **2018** |
| | | | **€** | **€** |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 21 | 2 | 14,186 | 17,124 |
| Liúntais eile | 11 | 3 | 20,614 | 19,424 |
| Ragobair | 31 | — | 4,469 | 3,076 |
| Luach saothair breise i níos mó ná aon chatagóir amháin | 7 | 1 | 14,245 | 7,677 |
| **Foireann ghníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 41 | — | 9,116 | 9,120 |
| Liúntais eile | 330 | 1 | 12,000 | 11,500 |
| Ragobair | 20 | — | 3,065 | 3,000 |
| Luach saothair breise i níos mó ná aon chatagóir amháin | 26 | 1 | 10,114 | 11,000 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Bhí beirt oibrithe de chuid na hearnála poiblí a raibh pinsin earnála poiblí á bhfáil acu fostaithe ar bhonn buan. Fostaíodh duine acu i Meotheamh 2019 agus d'éirigh siad as i mí na Samhna 2019. Fanann an dara duine fostaithe leis an Roinn agus tá na Fórsaí Cosanta ag bainistiú laghdú an phinsin seo i gcomhréir le prionsabail an Achta um Sheirbhís Phoiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas €346,749 i leith seisear oifigeach a bhí ag obair taobh amuigh den Roinn ar feadh 2019 go léir nó ar feadh cuid den bhliain agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 28 | 91,207 | 120,744 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 12 | 67,588 | 86,557 |

Aistríodh 2 phlean aisghabhála ró-íocaíochta i leith 2 dhuine ar luach €2,498 chuig ranna eile sa bhliain.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí arna n-íoc ag Roinn | Cúiteamh dáfa | Costais dlí dáfa | 2019 Iomlán | 2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ó fhostaithe | 1 | — | 25 | — | 25 | — |
| Éilimh ó eagraíochtaí / daoine seachtracha | 4 | — | 164 | 66 | 230 | 155 |
| | | **—** | **189** | **66** | **255** | **155** |

### 6.2 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh a thaispeántar faoi fho-cheannteidil C.4 agus D.5 íocaíochtaí i leith tionscadal a chomh-mhaoinítear ón AE. Mar seo a leanas a bhí na meastacháin ar fháltais agus na fíorthorthaí (a taifeadadh i nóta 4.1, focheannteideal 5)

| | 2019 Meastachán | 2019 Toradh | 2018 Toradh |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| *EMODnet*, Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh | 135 | 135 | 135 |
| *Cherish*, Clár *INTERREG* na hÉireann - na Breataone Bige 2014-2020 | 325 | 219 | 173 |
| *ERA MIN2*, *Horizon* 2020 | 27 | 18 | 60 |
| *ERA NET*, *Horizon* 2020 | — | — | 92 |
| **Iomlán** | **487** | **372** | **460** |

Nóta: Fuair an Roinn réamhmhaoiniú €133,087 freisin ón Aontas Eorpach in 2019 i dtaca le tionscadail a riartar trí chuntais fionraí (2018: €335,518).

# Nóta 7 Cuntais ilghnéitheacha

## 7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 5,918 | 6,211 |
| Fáltais | 314 | 335 |
| Iocaíochtaí | (141) | (628) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **6,091** | **5,918** |

Bunaíodh an Clár Bonneagair Peitriliam (CBP) i 1997 agus tá sé maoinithe ag cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu a d'eisigh an Roinn. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí struchtúir tacaíochta áitiúla a láidriú, agus bailiú sonraí taighde agus taighde 'bunaithe ar an talamh' i limistéir amach ó chósta na hÉireann a mhaoiniú. Taifeadtar fáltais maidir leis an gCiste CBP mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán fhocheannteideal D.3.

Déanann Rannóg Gnóthaí Peitriliam na Roinne riar ar an gCiste.

## 7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 20,968 | 31,810 |
| Fáltais | — | — |
| Infheistíochtaí | — | (10,842) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **20,968** | **20,968** |

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh i 2014 faoi fhorálacha Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014 (I.R. 131 de 2014). Is iad na cuspóirí a bhaineann leis an gCiste 1) tacú le seachadadh clár feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus beart eile éifeachtúlachta fuinnimh, agus (2) forbairt margaidh do bhearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn. Chuir an Rialtas €35 milliún ar fáil ó Chiste an Ioncaim ón Tobhach Carbóin don Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh.

Tá maoiniú €14.03 milliún ar an iomlán ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh infheistithe in *Ireland Energy Efficiency Investments plc* (*IEEI*). Tá maoiniú ann ón earnáil phríobháideach arb ionann é agus maoiniú an Stáit in *IEEI*. Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon leis na hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann gach scairshealbhóir tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht *IEEI*. Chinn an tAire, i gcomhairliúchán leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gan aon mhaoiniú eile a infheistiú in *IEEI* i ndiaidh Bealtaine 2018. Ag 31 Nollaig 2019, bhí luach €11.593 milliún ar infheistíocht an Stáit in *IEEI*.

Agus cead faighte ón Rialtas, agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chinn an tAire an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh a fhoirceannadh agus an t-airgead a bhí fágtha a shannadh leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Níl aon airgead íoctha ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh le húsáid ag an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. B'é €20.968 milliún an t-iarmhéid atá fágtha sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh ag 31 Nollaig 2019.

## Aguisín A Sceideal tailte agus foirgneamh

Is leis an Aire na hionaid réadmhaoine seo a leanas de chuid Ard-Oifig an Phoist:

1. Foirgneamh Ard-Oifig an Phoist
2. Stua Siopadóireachta Ard-Oifig an Phoist
3. 1-6 Foirgnimh Oifig an Phoist
4. 24-30 Sráid Anraí

Bainistítear na hionaid réadmhaoine seo faoi léasanna agus/nó ceadúnais arna ndeonú ag an Stát.

Is leis an Aire Iascach na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus Iascadh Abhainn Fhia/Abhainn tSocair i gCo. Dhún na nGall. Is é Iascach Intíre Éireann a bhainistíonn na hiascaigh sin.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire sna líonraí achair cathrach freisin. Maoiníodh tógáil na líonraí sin i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla áirithe agus le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

## Aguisín B Cuntais chomhlachtaí agus chistí faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugann sé le fios cén tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i lathair an Oireachtais iad

| Comhlacht/ciste roinne | Tréimhse chuntas-aíochta dheireanach | Data na tuairisce ar an iniúchadh | Dáta a bhfuair an tAire/an Roinn í | Dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Post | 2018 | 29 Már 2019 | 29 Már 2019 | 29 Aib 2019 |
| An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide[a] | 2018 | 29 Már 2019 | 13 Bea 2019 | 9 Iúil 2019 |
| An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach | 2018 | 26 Mei 2019 | 26 Lún 2019 | 10 Már 2020 |
| Údarás Craolacháin na hÉireann | 2018 | 28 Mei 2019 | 29 Lún 2019 | 29 DF 2019 |
| RTÉ | 2018 | 30 Aib 2019 | 30 Aib 2019 | 28 Mei 2019 |
| TG4 | 2018 | 11 Mei 2019 | 11 Mei 2019 | 2 MF 2019 |
| Bord na Móna | 2018 | 26 Mei 2019 | 26 Mei 2019 | 23 Iúil 2019 |
| An Coimisiún um Rialáil Fóntais [b] | 2018 | 21 Mei 2019 | 5 Iúi 2019 | — |
| Eirgrid [c] | 2018 | 21 Nol 2019 | 11 Fea 2019 | 15 Aib 2019 |
| Bord Soláthair an Leictreachais | 2018 | 1 Már 2019 | 22 Fea 2019 | 20 Már 2019 |
| Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann | 2018 | 6 Mei 2019 | 18 Mei 2019 | 12 Iúil 2019 |
| An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta | 2018 | 27 Mei 2019 | 28 Mei 2019 | 15 Iúil 2019 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | 2018 | 28 Mei 2019 | 3 Iúil 2019 | 25 Iúil 2019 |
| Iascach Intíre Éireann [b] | 2018 | 19 Nol 2019 | 24 Ean 2020 | — |
| Gníomhaireacht na Lochanna [b] | 2018 | 26 Mei 2019 | 7 Ean 2020 | — |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 2018 | 30 Mei 2019 | 7 DF 2019 | 27 Samh 2019 |
| An Ciste Comhshaoil | 2018 | 10 Nol 2019 | 10 Nol 2019 | 17 Nol 2019 |

Nóta
[a] Tréimhse an chuntais 1 Iúil 2017 go 30 Meitheamh 2018.
[b] Níl tuarascáil bhliantúil agus cuntais do 2018 curtha os comhair an Oireachtais fós.
[c] Tréimhse an chuntais 1 Deireadh Fómhair 2017 go 30 Meán Fómhair 2018.